AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.2.2026
COM(2026) 69 final

2026/0044 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1753 a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlac Tionól Aontas Liospóin an 14 Iúil 2025 ar na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is é is aidhm don togra seo ón gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar reachtaíocht ábhartha an Aontais a ailíniú leis na Comhrialacháin leasaithe le haghaidh Chóras EDMI Liospóin um Thásca Geografacha san Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI).

An 14 Iúil 2025, sa Séú Sraith is Seasca de Chruinnithe Chomhthionóil Bhallstáit EDMI, ghlac Tionól Aontas Liospóin na leasuithe ar na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin maidir le hAinmniúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta agus faoi Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (dá ngairtear 'na Comhrialacháin' anseo feasta), mar a mhol an Mheitheal um Fhorbairt Chóras Liospóin sa séú seisiún a bhí aici an 20 Márta 2025 lena nglacadh ag Tionól Aontas Liospóin, agus mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le LI/A/42/2, agus an 1 Iúil 2026, mar dháta a dteacht i bhfeidhm.

Is Páirtí Conarthach é an tAontas in Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha. Le Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha, bunaítear na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le gníomhaíochtaí an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive. Mar thoradh ar ghlacadh na leasuithe ar na Comhrialacháin ag Tionól Aontas Liospóin an 14 Iúil 2025, ní mór roinnt forálacha de Rialachán (AE) 2019/1753 a leasú faoi dháta theacht i bhfeidhm na leasuithe ar na Comhrialacháin chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas Rialachán (AE) 2019/1753 leis na Comhrialacháin nuashonraithe a áirithiú, agus ar an gcaoi sin a chur ar chumas an Aontais leanúint de bheith ag feidhmiú go hiomlán mar Pháirtí Conarthach in Ionstraim na Ginéive.

Thacaigh an tAontas leis na leasuithe sin ar bhonn Cinneadh (AE) 2025/1415 ón gComhairle an 8 Iúil 2025 maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i dTionól an Aontais Speisialta arna bhunú le Comhaontú Liospóin maidir le hAinmniúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta i ndáil leis na leasuithe atá beartaithe ar na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Ionstraim na Ginéive den Chomhaontú sin[1].

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an togra comhsheasmhach le beartas ginearálta an Aontais chun cosaint tásc geografach a chur chun cinn agus a fheabhsú trí chomhaontuithe déthaobhacha, réigiúnacha agus iltaobhacha.

---

[1] IO L, 2025/1415, 15.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1415/oj

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Agus aird á tabhairt ar ábhar an Rialacháin, ba cheart an Rialachán a bhunú ar Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin. Is amhlaidh atá de thoradh rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 25 Deireadh Fómhair 2017 i gcás C-389/15, an Coimisiún vs. an Chomhairle, inar soiléiríodh go bhfuil dréacht-Chomhaontú Liospóin athbhreithnithe, i.e. Ionstraim na Ginéive, beartaithe go bunúsach chun trádáil idir an tAontas agus tríú Stáit a éascú agus a rialú agus, ar an dara dul síos, go bhfuil sé de chineál a mbeadh éifeachtaí díreacha agus láithreacha aige ar thrádáil den sórt sin, ionas go dtiocfadh a chaibidlíocht faoin inniúlacht eisiach a thugtar don Aontas le hAirteagal 3(1) CFAE i réimse an chomhbheartais tráchtála a bheartaítear in Airteagal 207(1) CFAE. [2]

De réir Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir le réimsí d'inniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Ní théann na bearta atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach maidir le cur ar a chumas don Aontas leanúint de bheith rannpháirteach in Aontas Liospóin ar bhealach lena n-áiritheofar cosaint éifeachtúil thásca geografacha an Aontais.

- **An rogha ionstraime**

Is é Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ionstraim dlí iomchuí chun Rialachán (AE) 2019/1753 a leasú toisc go n-áirithítear leis sainchumais reachtacha an dá institiúid ar an mbealach céanna agus a áirithítear iad leis an Rialachán bunaidh.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar

[2] Breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2017, *An Coimisiún Eorpach v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C-389/15, ECLI:EU:C:2017:798, mír 74.

• **Measúnú tionchair**

Is leasuithe de chineál teicniúil iad na leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1753; ní théann siad thar thagairt a dhéanamh do reachtaíocht an Aontais maidir le tásca geografacha a glacadh in 2024, ná na leasuithe ar na Comhrialacháin a glacadh in 2025 a chur chun feidhme.

Soiléirítear sna Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr nár cheart measúnú tionchair a dhéanamh ach amháin nuair a bhíonn sé úsáideach, agus gur cheart measúnú a dhéanamh air ar bhonn cás ar chás. I bprionsabal, níl gá le haon mheasúnú tionchair, nuair is beag rogha atá ar fáil don Choimisiún nó nuair nach bhfuil aon rogha ar fáil dó. Is amhlaidh atá sa chás seo ós rud é go bhfuil gá leis na leasuithe atá beartaithe mar chuid d'oibleagáidí dlíthiúla an Aontais faoi Ionstraim na Ginéive chun leasuithe ar na Comhrialacháin a thiocfaidh i bhfeidhm faoin 1 Iúil 2026 a léiriú. Tugadh bailíochtú polaitiúil ag féachaint don chomhthéacs sin.

• **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

De réir an mheasúnaithe dhigitigh a rinneadh, níl aon ghné dhigiteach ag baint leis an togra seo toisc nach bhfuil aon ábharthacht dhigiteach ann. Is é is aidhm don togra reachtaíocht an Aontais a ailíniú leis na Comhrialacháin leasaithe le haghaidh Chóras EDMI Liospóin um Thásca Geografacha.

Níl modhanna digiteacha ná malartú sonraí faoi raon feidhme an togra. Níl i gceist leis an togra bailiú, próiseáil, giniúint, malartú ná comhroinnt sonraí; uathoibriú ná digitiú phróisis na bpáirtithe leasmhara; úsáid réiteach digiteach nua nó atá ann cheana; ná ní bhaineann sé le seirbhísí poiblí digiteacha.

• **Cearta bunúsacha**

A áirithiú go leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go hiomlán in Aontas Liospóin mar Pháirtí Conarthach in Ionstraim na Ginéive, tá sé i gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, lena bhforáiltear go gcosnófar maoin intleachtúil.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an tionscnamh reachtach atá beartaithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

• **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

• **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar

• **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ón 1 Iúil 2026 ar aghaidh, de réir Riail 15 nua de na Comhrialacháin, ceadófar do Pháirtithe Conarthacha iarrataí a chur isteach chun cineálacha nua modhnuithe a ionchódú: modhnú a dhéanamh ar ainm Ainmniúcháin Tionscnaimh nó Táisc Gheografaigh a cláraíodh faoi Ionstraim na Ginéive, modhnú a dhéanamh ar an gcineál earra nó táirge agus modhnú a dhéanamh ar an tuairisc ar na sonraí a bhaineann le cáilíocht, clú nó saintréithe an

Ainmniúcháin Tionscnaimh nó an Táisc Gheografaigh lena mbaineann mar a leagtar síos i Riail 5(3) de na Comhrialacháin.

Faoi láthair, níl feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1753 ach amháin maidir le cur isteach iarratas ar Ainmniúcháin Tionscnaimh nó Tásca Geografacha an Aontais a chlárú (Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1753), maidir leis na cinntí cosaint a thabhairt nó diúltú don chosaint a thugtar do na hAinmniúcháin Tionscnaimh nó do na Tásca Geografacha arna gclárú ag na Páirtithe Conarthacha eile (Airteagail 4 go 7 den Rialachán céanna sin) agus maidir leis an údarú do na Ballstáit, do chomhaltaí Chomhaontú Liospóin agus a théann isteach in Ionstraim na Ginéive chun fógra a thabhairt don Bhiúró Idirnáisiúnta faoina nAinmniúcháin Tionscnaimh.

Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, na nósanna imeachta a shainiú chun cur isteach modhnuithe ag an Aontas ar Ainmniúcháin Tionscnaimh nó Tásca Geografacha an Aontais agus a Bhallstát a éascú, ar modhnuithe iad atá ábhartha maidir le hAinmniúcháin Tionscnaimh nó Tásca Geografacha den sórt sin a chosaint in Ionstraim na Ginéive. Ar an taobh eile, ba cheart nósanna imeachta a leagan amach freisin chun go mbeidh an tAontas in ann a mheas an bhfuil cosaint á tabhairt d’ainmniúcháin tionscnaimh nó do thásca geografacha ar de thionscnamh críoch páirtithe conarthacha iad seachas na Ballstáit a ndearnadh modhnú a ionchódú ina leith sa Chlár Idirnáisiúnta.

I bhfianaise an mhéid thuas, is gá na nósanna imeachta iomchuí faoi Rialachán (AE) 2019/1753 a leagan amach chun é a oiriúnú do rialacha nua Ionstraim na Ginéive.

Tá gá leis na leasuithe sin chun go mbeidh an tAontas in ann a oibleagáidí faoi Ionstraim na Ginéive a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, i bhfianaise shimpliú agus gheilleagar na nósanna imeachta, ba cheart an oibleagáid atá ar na Ballstáit a bhí ina bpáirtithe i gComhaontú Liospóin roimh aontachas an Aontais in Ionstraim na Ginéive aon fhógra a thugann an Biúró Idirnáisiúnta faoi Chomhaontú Liospóin a tharchur chuig an gCoimisiún agus an oibleagáid atá ar an gCoimisiún na fógraí sin a tharchur chuig na Ballstáit eile go léir a scriosadh.

Thairis sin, ba cheart a chur san áireamh sa leasú freisin an t-athchóiriú a rinneadh le déanaí ar reachtaíocht an Aontais maidir le tásca geografacha as ar eascair glacadh Rialachán (AE) 2024/1143, lenar bunaíodh creat aontaithe le haghaidh tásca geografacha san Aontas, lena bhfeabhsaítear cosaint agus aitheantas táirgí amhail fíon, deochanna biotáilleacha, agus táirgí talmhaíochta chomh maith le táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha. Ba cheart forbairt na reachtaíochta is infheidhme a léiriú i dtéacs Rialachán (AE) 2019/1753. Go háirithe, ba cheart an tagairt don Choiste uathúil um thásca geografacha a leagtar amach le Rialachán (AE) 2024/1143 a chur in ionad na dtagairtí do Choistí ábhartha na Rialachán aisghairthe maidir le tásca geografacha.

2026/0044 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1753 a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlac Tionól Aontas Liospóin an 14 Iúil 2025 ar na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is Páirtí Conarthach é an tAontas in Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha. Le Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], bunaítear na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le gníomhaíochtaí an Aontais tar éis a aontachais in Ionstraim na Ginéive.

(2) An 14 Iúil 2025, sa Séú Sraith is Seasca de Chruinnithe Chomhthionóil Bhallstáit EDMI (Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil), ghlac Tionól Aontas Liospóin leasuithe ar na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin maidir le hAinmniúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta agus faoi Ionstraim na Ginéive[3] de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (dá ngairtear ‘na Comhrialacháin’ anseo feasta)[4]. Tiocfaidh na rialacha nua sin i bhfeidhm an 1 Iúil 2026.

---

1 IO L , , lch. .

2 Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1753/oj )

3 Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha, (IO L 271, 24.10.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2019/1754/oj ; Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin (mar a bhí i bhfeidhm an 14 Iúil 2023), ELI: https://www.wipo.int/wipolex/en/treaties/textdetails/19813)

4 Téacs an leasaithe: LI/A/42/2 ; Summary report of the meeting of the Lisbon Assembly of 14 July 2025 including the decision of approval of the amendment A/66/10 [Tuarascáil achomair ar chruinniú Thionól Liospóin an 14 Iúil 2025 lena n-áirítear an cinneadh maidir le leasú A/66/10 a fhormheas]

(3) Mar thoradh ar ghlacadh na leasuithe ar na Comhrialacháin ag Tionól Aontas Liospóin an 14 Iúil 2025, ba cheart roinnt forálacha de Rialachán (AE) 2019/1753 a leasú faoi dháta theacht i bhfeidhm na leasuithe ar na Comhrialacháin chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas Rialachán (AE) 2019/1753 leis na Comhrialacháin nuashonraithe a áirithiú, agus ar an gcaoi sin a chur ar chumas an Aontais leanúint de bheith ag feidhmiú go hiomlán mar Pháirtí Conarthach in Ionstraim na Ginéive.

(4) Go háirithe, de réir Riail 15 nua de na Comhrialacháin, beidh Páirtithe Conarthacha in ann iarrataí ar na cineálacha nua modhnuithe seo a leanas a chur isteach sa Chlár Idirnáisiúnta: modhnú a dhéanamh ar ainm ainmniúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh a cláraíodh faoi Ionstraim na Ginéive, modhnú a dhéanamh ar an gcineál earra nó táirge agus modhnú a dhéanamh ar an tuairisc ar na sonraí a bhaineann le cáilíocht, clú nó saintréithe an Ainmniúcháin Tionscnaimh nó an Táisc Gheografaigh lena mbaineann mar a leagtar síos i Riail 5(3) de na Comhrialacháin.

(5) Faoi láthair, níl feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1753 maidir le hiarrataí ar mhodhnú.

(6) Is gá, dá bhrí sin, na nósanna imeachta a shainiú chun a chur ar a chumas don Aontas iarrataí gaolmhara a chur chun feidhme. Ba cheart baint a bheith ag na hiarrataí ar mhodhnú a dhéanann an tAontas lena ainmniúcháin tionscnaimh nó lena thásca geografacha féin, le hainmniúcháin tionscnaimh nó le tásca geografacha na mBallstát ar ceadaíodh dóibh a bheith ina gComhaltaí d'Ionstraim na Ginéive, arb é an Coimisiún, nó Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'an Oifig' anseo feasta), an tÚdarás Inniúil ina leith.

(7) Is iomchuí idirdhealú a dhéanamh idir dhá chineál modhnuithe. Maidir le modhnuithe a dhéanamh ar ainm, ar chineál táirge nó ar limistéar geografach ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó táisc gheografaigh faoi chosaint, atá faoi chosaint faoi Rialachán (AE) 2024/1143 nó Rialachán (AE) 2023/2411, ós rud é gur gnéithe bunaitheacha iad na gnéithe sin de na hainmniúcháin tionscnaimh agus de na tásca geografacha i gcóras Ionstraim na Ginéive, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar an gCoimisiún a iarraidh go ndéanfaí modhnú ar an ainmniúchán tionscnaimh comhfhreagrach nó an tásc geografach comhfhreagrach atá cláraithe sa Chlár Idirnáisiúnta, tar éis fhormheas an leasaithe i gcóras an Aontais.

(8) Os a choinne sin, is gné roghnach d'ainmniúcháin tionscnaimh agus de thásca geografacha i gcóras Ionstraim na Ginéive iad na sonraí a bhaineann le cáilíocht, clú nó saintréithe [an ainmniúcháin tionscnaimh nó an táisc gheografaigh]. Ba cheart an iarraidh ar mhodhnú a dhéanamh ar ghnéithe den ainmniúchán tionscnaimh nó den tásc geografach atá cláraithe sa Chlár Idirnáisiúnta a bheith indéanta, ar thionscnamh Bhallstát tionscnaimh an ainmniúcháin tionscnaimh nó an táisc gheografaigh, agus tar éis fhormheas an leasaithe i gcóras an Aontais.

(9) I bhfianaise an mhéid thuas, is gá na nósanna imeachta iomchuí faoi Rialachán (AE) 2019/1753 a leagan amach chun é a oiriúnú do rialacha nua Ionstraim na Ginéive.

(10) Tá gá leis na leasuithe sin chun go mbeidh an tAontas in ann a oibleagáidí faoi Ionstraim na Ginéive a chomhlíonadh.

(11) Ina theannta sin, i bhfianaise shimpliú agus gheilleagar na nósanna imeachta, ba cheart an oibleagáid atá ar na Ballstáit a bhí ina bpáirtithe i gComhaontú Liospóin roimh

aontachas an Aontais in Ionstraim na Ginéive aon fhógra a thugann an Biúró Idirnáisiúnta faoi Chomhaontú Liospóin a tharchur chuig an gCoimisiún agus an oibleagáid atá ar an gCoimisiún na fógraí sin a tharchur chuig na Ballstáit eile go léir a scriosadh.

(12) Maidir le tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, ba cheart an Choimisiún a bheith in ann, sna cásanna sonracha a shainaithnítear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2023/2411, an chumhacht a ghlacadh ar láimh ón Oifig cinneadh a dhéanamh ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha an Aontais Eorpaigh nó a Bhallstát a chlárú, modhnú a dhéanamh orthu agus a chealú agus maidir le hainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha tríú tír a chosaint, a dhiúltú, modhnú a dhéanamh orthu agus a neamhbhailíochtú. Is amhlaidh atá go háirithe toisc go bhféadfadh clárú an táisc gheografaigh atá beartaithe a bheith contrártha leis an mbeartas poiblí, nó toisc go bhféadfadh clárú den sórt sin nó diúltú an iarratais dochar a dhéanamh do thrádáil nó caidreamh seachtrach an Aontais.

(13) Le déanaí, rinneadh athchóiriú ar reachtaíocht an Aontais maidir le tásca geografacha le Rialachán (AE) 2024/1143[5] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena mbunaítear creat aontaithe le haghaidh tásca geografacha san Aontas, lena bhfeabhsaítear cosaint agus aitheantas táirgí amhail fíon, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta. Leis an Rialachán sin, leasaíodh Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus aisghaireadh Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Dá bhrí sin, ba cheart tagairtí do Rialachán (AE) 2024/1143 a chur in ionad tagairtí do Rialacháin (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2019/787.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1753 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1753**

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1753 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Chun críocha an Rialacháin seo, cumhdaítear leis an téarma “tásca geografacha”:

ainmniúcháin tionscnaimh de réir bhrí Ionstraim na Ginéive, lena n-áirítear ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*; agus

tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha de réir bhrí Rialachán (AE) 2023/2411.

____________

[5] Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 23.4.2024, lch. 75, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

* Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 23.4.2024, lch. 75, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).';

(2) cuirtear isteach Airteagal 2a seo a leanas:

'*Airteagal 2a*

**Modhnuithe ar thásca geografacha sa Chlár Idirnáisiúnta**

1. Tar éis leasú a ghlacadh, i gcomhréir le dlí an Aontais, ar ainm, aicmiú an táirge nó limistéar geografach ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásc geografach faoi chosaint nó tásc geografach ar de thionscnamh an Aontais iad agus atá faoi chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143 nó Rialachán (AE) 2023/2411, déanfaidh an Coimisiún nó, i ndáil le tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, an Oifig, iarrataí ar mhodhnuithe a dhéanamh ar ainm, ar chineál an táirge nó ar limistéar geografach na nithe seo a leanas a chur faoi bhráid an Bhiúró Idirnáisiúnta :

(a) an t-ainmniúchán tionscnaimh comhfhreagrach nó an tásc geografach comhfhreagrach a cláraíodh sa Chlár Idirnáisiúnta arna iarraidh sin don Choimisiún nó don Oifig;

(b) an t-ainmniúchán tionscnaimh comhfhreagrach nó an tásc geografach comhfhreagrach a cláraíodh sa Chlár Idirnáisiúnta arna iarraidh sin do Bhallstát.

2. Arna iarraidh sin do Bhallstát, tar éis leasú a ghlacadh, i gcomhréir le dlí an Aontais, ar ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint nó tásca geografacha ar de thionscnamh an Aontais iad agus atá faoi chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143 nó Rialachán (AE) 2023/2411, féadfaidh an Coimisiún nó, i ndáil le tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, an Oifig, iarrataí ar mhodhnuithe a dhéanamh ar na sonraí a bhaineann le cáilíocht, clú nó saintréithe, mar a leagtar síos i Riail 5(3) de na Comhrialacháin, an ainmniúcháin tionscnaimh chomhfhreagraigh nó an táisc gheografaigh chomhfhreagraigh atá cláraithe sa Chlár Idirnáisiúnta agus dá dtagraítear i bpointí a) agus b) de mhír 1 a chur faoi bhráid an Bhiúró Idirnáisiúnta.';

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I gcás, ar bhonn an mheasúnaithe arna dhéanamh de bhun Airteagal 5, nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal sin nó go bhfaightear freasúra atá inghlactha mar a leagtar amach in Airteagal 6(2), cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an ndéanfaidh sé cosaint a dheonú do thásc geografach arna chlárú sa Chlár Idirnáisiúnta. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2). Maidir le tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, is í an Oifig a ghlacfaidh an cinneadh maidir le cosaint a dheonú.'

(4) cuirtear isteach Airteagal 7a seo a leanas:

'*Airteagal 7a*

**Modhnuithe ar thásca geografacha tríú tír atá cláraithe sa Chlár Idirnáisiúnta**

'1. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 4 go 7 maidir le modhnú ar an ainm nó le modhnú ar an gcineál táirge nó le modhnú ar an limistéar geografach ainmniúchán tionscnaimh nó tásc geografach atá cláraithe sa Chlár Idirnáisiúnta nach Ballstát ina leith é an Páirtí Conarthach Tionscnaimh, mar a shainmhínítear i bpointe (xv) d'Airteagal 1 d'Ionstraim na Ginéive, ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún nó, i ndáil le tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, don Oifig, de bhun Riail 15(3) de na Comhrialacháin.';

(5) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Beidh feidhm ag na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 7 agus 7a gan dochar d'aon fhorálacha sonracha de chuid an Aontais a bhaineann le táirgí a chur ar an margadh agus, go háirithe, le comheagrú margaí talmhaíochta, le caighdeáin sláintíochta agus fíteashláintíochta, agus le lipéadú bia.

Maidir le tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an gcéad fhomhír maidir le cinntí na hOifige.';

(6) scriostar mír 5 d'Airteagal 12;

(7) cuirtear isteach Airteagal 12a seo a leanas:

'*Airteagal 12a*

**Cur i bhfeidhm Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2023/2411**

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 1 go 5 d'Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2023/2411 maidir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo i ndáil le tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.';

(8) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh na coistí seo a leanas cúnamh a thabhairt don Choimisiún de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i ndáil leis na táirgí seo a leanas:

(a) i gcás fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, a thagann faoi raon feidhme Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, an Coiste um Beartas Cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, fíona agus deochanna biotáilleacha a bunaíodh le hAirteagal 88 den Rialachán sin;

(b) i gcás táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/2411, an Coiste um Thásca Geografacha Ceardaíochta agus Tionsclaíocha a bunaíodh le hAirteagal 68 den Rialachán sin.'.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |